



Treoracha do Oideachas um Choibhnis agus Gnéasúlacht



Poblacht na hÉireann



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
EÓBHÓDÁIL GÁSPRÓ CAITLÍCEACH ÉIREANN



Treoracha do Oideachas um Choibhnis agus Gnéasúlacht

Foilsíodh *Curaclam na Bunscoile* leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sa bhliain 1999 agus ceann de na sé earnála foghlama sa churaclam is ea *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte* (OSPS). Slánchuid de churaclam an OSPS is ea *Oideachas um Choibhnis agus Gnéasúlacht* (OCG) a sholáthar. An foilseachán seo i láthair, a thugann *Oideachas um Choibhnis agus Gnéasúlacht i Scoileanna Caitliceacha* (1997) suas chun dáta, léiríonn sé an comhthéacs ina gcuirtear OCG in éifeacht i mBunscoil Chaitliceach.

Féachann Clár an Oideachas Creidimh (OC) sa Bhunscoil Chaitliceach le cuidiú le páistí a theacht in inmhe mar dhaoine fásta aibithe sláintiúla, iad in ann a lánchumas a thabhairt in éifeacht mar dhaoine daonna a cruthaíodh ar dheilbh agus cosúlacht Dé. Gné amháin den bhforás sin is ea acmhainn na bpáistí a fhorbairt chun dul i gcoibhneas le daoine eile agus chun tuiscint phearsanta bheith acu dá ngnéasúlacht féin. Ní bhreathnaítear air seo mar ghné ar leith sa chlár OC ach é a bheith ina shlánchuid de tríd síos. Tá ábhar sa leabhrán seo a léiríonn go soiléir cén áit sa chlár OC i mBunscoil Chaitliceach a gcaitear go sainráite leis na cúrsaí a luaitear i dtreoracha Roinn an Oideachais le haghaidh OCG. Is ionann na cúrsaí a gcuirtear síos orthu sa chlár OC agus an méid a mholtar sa churaclam OCG.

Tá féiniúlacht na scoile Caitlicí gafa suas ar fad le forás na gcoibhneas a fhorbairt – grá De agus grá do gach neach daonna. Is iad seo na móraitheanta, ‘ag brath ar an dá aithne sin atá an dlí ar fad agus na Fáithe’ (Mth 22:40). In *Vision '08: A Vision for Catholic Education in Ireland*, chuir Comhdháil Easpaig Chaitliceacha na hÉireann an t-oideachas Caitliceach i suim mar leanas:

- ❖ Is é Íosa Críost is inspioráid don oideachas Caitliceach. Tá sé cruinnithe ar an phearsa dhaonna, ag féachaint le lán-tualaing gach duine a fhorbairt.
- ❖ Molann an t-oideachas Caitliceach radharc sacraimintiúil ar an réaltacht, ag cuidiú leis an aos léinn chun Dia a fheiceáil ‘faoi léas an tSoiscéil agus na taithí daonna’ (*Gaudium et Spes*, par. 46).
- ❖ Cuirtear an t-oideachas Caitliceach i bhfeidhm i gcomhludair atá oscailte, sonasach, spreagúil agus modhúil i leith a chéile.
- ❖ Is mór leis an oideachas Caitliceach an réasún intleachtúil agus praiticiúil, agus dialóg agus tuiscint á gcur chun cinn idir creideamh, traidisiún, cultúr agus oidhreacht.

- ❖ Is mór leis an oideachas Caitliceach caonfhulaingt agus iniatacht. Cuireann scoileanna Caitliceacha fáilte roimh lucht foghlama ó thraidisiúin agus creidimh eile, ag glacadh leis an éagsúlacht mar áiméar chun breis tuisciana a bhunú i measc daoine a bhfuil forchinnteachtaí difriúla acu.
- ❖ Féachann an t-oideachas Caitliceach le cur ar a gcumas don lucht foghlama an t-ionracas agus an chóir a chleachtadh, ag tóraíocht ar an leas coiteann sa saol neamhfhoirfe seo, agus iad féin a iompar mar mhaoir chosanta na cruthaíochta.

Achoimre fheidhmitheach

An tsamhail, na luachanna, na suáilcá daonna agus críostaí, fírinnaí an Fhoilsithe agus an traidisiún beo a chomhdhéanann an tuiscint chríostaí don bheatha dhaonna, ní féidir iad a mhúineadh gan tagairt a dhéanamh don ghnéasúlacht agus don tuismeadh, chomh maith leis na tíolaicé seo ó Dhia a úsáid le freagarthacht, le modh agus le grá.

Tá de fhreagarthacht ar an Bhord Bainistíochta an próiséas chun polasaí OCG a fhorbairt don scoil a thionscnamh. Go praiticiúil, is coiste polasaí a bhfuil ionadaithe ó thuismitheoirí, múinteoirí agus ón Bhord Bainistíochta féin a thugann faoin obair seo. Moltar go láidir do Bhunscoileanna Caitliceacha polasaí OCG a bheith acu roimh clár OCG a sholáthar. Ba cheart don pholasaí treoir a thabhairt do mhúinteoirí conas ceisteanna moráltachta agus eitice a bhaineann le OCG a ionsaí, le linn dóibh féiniúlacht na scoile agus an clár OC a chur san áireamh.

Ba chóir do chách atá bainteach le hobair an Oideachas um Choibhnis agus Gnéasúlacht i scoil Chaitliceach a bheith á dtreorú ag roinnt phrionsabal bunaidh.



1 Ba chóir don scoil féachaint le samhail chríostaí na beatha daonna agus na gcoibhneas daonna a chomhroinnt. Cruthaíonn an méid sin oideachas sa ghrá nó mar a deir Litir Phastúireach Easpag na hÉireann, *Love is for Life*: ‘B’fharr labhairt faoi “oideachas chun grá”, ó tharla gurb é is bunchuspóir do ghnéasúlacht chríostaí agus folláin ná an grá, i gciall iomlán fhírinneach an fhocail sin, a lonnú i gcoibhnis ghnéasúla. Ach é a theagasc i gceart, féadann an t-eolas seo cuidiú go mór le daoine óga chun tuiscint aibithe chothrom chríostaí don ghnéasúlacht a fháil.¹ Ar líon na mbunidéanna seo bheadh le háireamh:

¹ *Love is for Life*, Section 53.

- ❖ Rud sacráilte is ea corp an duine – deilbh shofheicthe Dé.
- ❖ Léiríonn corp an duine go bhfuilimid básmhar cuimsithe – i dtuilleamaí ar Dhia a thugann agus a bhunaíonn an bheatha ionainn.
- ❖ Trínár nádúr corportha téimid i gcoibhneas le daoine eile sa domhan fisiciúil a bhfuileamar go léir páirteach ann. Tagann de sin go n-éilítear uainn modh a bheith againn dá chéile agus a aithint gur ‘cnámh dár gcnámha agus feoil dár bhfeoil sinn uile’ (Gein 2:23).
- ❖ Ó tharla gné ghnéasúil a bheith le corp an duine, léiríonn sé go bhfuil éileamh ag fir agus mná le grá dá chéile, is é sin iad féin a thíolacadh dá chéile: ‘Nuair atá claonadh sa tsochaí eispéireas an ghrá agus na gnéasúlachta a fheiceáil mar rud guagach fánach, ag mórardh a ghnéithe neamhbhuana agus ag folú a bhunluachanna, is práinní ná riamh a fhógairt agus a fhianacht gurb ann don *bhfírinne* a bhaineann le grá agus gnéasúlacht na lánúine san áit a mbíonn comhthabhartas iomlán na bpearsana, faoi airíonna na *haontachta* agus na *dílseachta*.²
- ❖ Grá agus torthúlacht, cuimsíonn siad agus éilíonn siad a chéile. Go háirithe, is é is cuspóir don ghrá pósta – an t-aon chomhthéacs amháin arb é is cuspóir dó aontacht ríphearsanta, den chineál a ghabhann thar aontacht na colainne chomh fada le haontacht chróí agus anama.³ – is é is cuspóir dó aontacht na lánúine sa ghrá agus comhoibriú le Dia chun beatha dhaonna úrnua a thabhairt isteach sa saol. Is i gcomhthéacs an phósta agus an teaghlai is iomláine a fheictear luachanna an ghrá agus na beatha.⁴
- ❖ Sa phósadh críostaí, is scáthántú an t-aontas gnéasúil ar an rúndiamhair mhór arb é aontas Chríost leis an Eaglais é. Déantar de ‘samhail den ghrá gan teora gan teip atá ag Dia dúinn’.⁵
- ❖ ‘Baineann an ghnéasúlacht le foinsí na beatha daonna. Baineann sé leis an teaghlach, bunéithe an chomhludair dhaonna agus an bhunchloch

² Comhairle Phointifiúil na Córach agus na Síochána, *Compendium of the Social Doctrine of the Church* (2005), 223.

³ Eoin Pól II, *Caiticíosma na hEaglaise Caitlicí* (1994), 1643.

⁴ *Compendium of the Catechism of the Catholic Church* (337) – ‘An Dia arb é an grá é agus a chruthaigh fear agus bean chun grá da chéile, is chuige sin a ghlaoigh sé orthu. Tríd an fear agus an bean a chruthú ghlaoigh sé orthu chun dlúth-chomhludair beatha agus grá sa phósadh: “Sa chaoi nach beirt iad feasta ach aon cholainn amháin” (Mth 19:6). Dúirt Dia leo mar bheannacht: “Bígi torthúil agus téigi i líonmhaireacht” (Gein 1:28).’

⁵ Comhdháil Easpag na hÉireann, *Share the Good News* (2010), 56.



do phobal seasmhach. Ní rud pearsanta príobháideach amháin an gnéas. Tá cúrsaí sochaí agus comhludair ag dul leis freisin.⁶

- ❖ Is lúide is furasta na firinní seo a dhéanamh amach an peaca a bheith i láthair ionainn féin agus sa domhan.

Iarracht ar bith chun ‘fachtanna na beatha’, mar a deirtear, a chomhroinnt gan tagairt do thoisí creidimh agus moráltachta na gnéasúlachta daonna agus gan tagairt don ghá atá ag an aos foghlama le teacht in inmhe, is dul amú a bheadh ann. Ní hiad fachtanna na heolaíochta iomlán an scéil mar gheall ar an ghnéasúlacht agus an ghiniúint dhaonna. Na fachtanna loma amháin a chur ar eolas do pháistí gan cuidiú leo iad a fheiceáil faoi léas na tabhachta daonna a bhaineann leo, b’ionann é agus an fhírinne a cheilt orthu.

Seachas faisnéis ar ‘fachtanna na beatha’, ba cheart a mhúineadh do pháistí ón tús a aithint, ina dtoscaí féin, gur tíolacadh ó Dhia an ghnéasúlacht. Ba cheart go bhfoghlaimeodh siad le bheith buíoch do Dhia gur cailín nó buachaill atá iontu. Ba cheart go bhfoghlaimeodh siad go gcruthaítear daoine daonna ina bhfireannaigh nó ina mbaineannaigh ar dheilbh Dé; gur tíolacadh d’iltíolaicthe Dé is ea éagsúlacht agus comhtheacht le chéile na gnéasúlachta.

⁶ *Love is for Life*, Uimh. 7.

2 Ní foláir don scoil a ligean lena hais, go háirithe sa limistéar seo, gur beart tánaisteach do bheart na dtuismitheoirí atá le himirt aici.

An doiciméad ón Vatacáin in 1996, *The Truth and Meaning of Human Sexuality*, aibhsíonn sé tús áite a thabhairt do bheart na dtuismitheoirí in oideachas a gcuid páistí: ‘... ní foláir feidhm oideachais ar bith a bhaineann le hoideachas chun grá agus atá á thabhairt in éifeacht ag daoine lasmuigh den teaghlach, ní foláir é a bheith faoi réir na dtuismitheoirí agus ní foláir breathnú air mar thacaíocht lena saothar siúd, agus ní mar rud a ghlacann a n-ionad.’⁷

Tá sé seo admhaithe i bhfocail thosaigh leabhrán Roinn an Oideachais, *Relationships and Sexuality Education, Going Forward Together, An Introduction to Relationships and Sexuality Education for Parents* (1997): ‘Mar thuismitheoir, is tusa céadmhúinteoir an pháiste. Déanann tú luachanna agus dearcadh a sheachadadh do gach glúin nua pháistí. Tá faoin scoil a bhfuil do pháiste ag freastal uirthi cuidiú leat sa ghnó tábhachtach seo.’

D’fhonn an méid seo a chur i bhfeidhm, ní foláir roinnt prionsabal a chur i bhfáth go soiléir:

- ❖ Ó tharla gur slánchuid OCG den churaclam OC i mBunscoil Chaitliceach agus de churaclam an OSPS, ní éilítear ó scoileanna a iarraidh ar thuismitheoirí páipéar ceadaithe a shíniú le ligean dá bpáistí freastal ar cheachtanna ar cheisteanna cáiréiseacha san OCG. Os a choinne sin, dearbhaíonn an Primary Professional Development Service sa Resource Pack for Relationships and Sexuality Education in Primary Schools: ‘San áit gur mhaith le tuismitheoirí a bpáiste a tharraingt amach as na ceachtanna ar cheisteanna cáiréiseacha, féadann scoil a iarraidh orthu an méid sin a chur i scríbhinn. Moltar don scoil dul i gcomhairle le tuismitheoirí féachaint conas próiseas na tarraingte amach a láimhseáil ar mhaithe le leas an pháiste.’⁸
- ❖ Bíonn gá ag go leor tuismitheoirí/oidí le misneach agus cabhair chun cúrsaí fogara a chur i láthair a gclann mhac agus iníonacha ag baile. Féadann an scoil beart tábhachtach a imirt chun an chabhair agus an misneach sin a sholáthar trí ‘thuismitheoirí a chomhaireamh go hiomlán i bhforbairt pholasaí, ag cur polasaí OCG ar eolas do thuismitheoirí óga, ag eagrú tráthnóntaí faisnéise, ag seoladh abhaile ag deireadh gach ceacht OCG na leathanaigh naisc scoil/baile, ag cur

⁷ *Educational Guidance in Human Love*, 30.

⁸ http://ppds.ie/index.php?option=com_content&task=view&id=290.

cóipeanna den leabhrán faisnéise do thuismitheoirí RSE Going Forward Together ar fáil do thuismitheoirí, nó ag cur in iúl do thuismitheoirí go bhféadann siad breathnú ar chóipeanna d'ábhair acmhainne OCG sa scoil.⁹

- ❖ Ní mór dóigh a dhéanamh de nach bhfuil an páiste ag cloisteáil ainmneacha na mball giniúna agus faisnéis i dtaobh an tuismithe dhaonna den chéad uair ar scoil. Ba cheart féachaint le teacht ar chonsensus, trí phlé roimhré leis na thuismitheoirí, i dtaobh cathain ar féidir don scoil glacadh leis go réasúnta go mbeidh faisnéis den chineál sin comhroinnte leis an pháiste ag baile. Tuismitheoirí a bhfuil a bhfreagarthacht i leith oideachas gnéasúil a bpáiste á comhall acu, níor chóir dóibh a fháil amach go bhfuil an scoil tar éis dul rompu le hábhar a bhí siadsan a bheartú a chomhroinnt níos faide anonn.
- ❖ Féadann thuismitheoirí áirithe a shocrú go mb'fhearr leo freagarthacht na gcúrsaí seo a thiomnú, ina cuid nó ina hiomláine, do mhúinteoirí na bpáistí. Ba cheart dóibh áfach iad féin a chur ar an eolas i dtaobh an méid ata á theagasc sa scoil ionas gur féidir leo a bheith páirteach san obair atá ar siúl ag na múinteoirí.
- ❖ Agus aibíocht mhothaithe agus intleachta an aos foghlama á mheas, ní foláir a mheabhrú go mbíonn difríochtaí an-mhóra ann fiú taobh istigh den rang céanna. Níor cheart aon ábhar a chíoradh sa rang mura bhfuil an múinteoir sásta go bhfuil gach páiste sa rang réidh fána choinne. Tógann sé seo deacrachtaí ar leith i scoil ina bhfuil níos mó ná an t-aon rang amháin á theagasc ag na múinteoirí. I scoil bheirt mhúinteoirí, mar shampla, níor cheart aon scéal a mhúscailt le páistí an séu ranga agus páistí ón tríú rang sa seomra céanna nach mbeadh an ceacht oiriúnach dóibh. Rud amháin is ea an cineál aibíochta is gá do pháiste chun cúrsaí dlúthphríobháide a phlé i gcomhthéacs an choibhneas grá idir páiste agus thuismitheoirí. Is féidir gá a bheith le leibhéal difriúil agus leibhéal i bhfad níos airde aibíochta sula mbíonn páiste réidh chun a leithéid sin de chúrsaí a phlé i gcomhthéacs poiblí an tseomra ranga.
- ❖ Féadann tosca a bheith ann mar a measann an múinteoir nach bhfuil cuid de na páistí nó iad uile réidh le haghaidh cúrsaí áirithe a ionramháil sa seomra ranga. Ina leithéid sin de chás níor mhiste don mhúinteoir teorannacha a leagan síos agus cúrsaí den chineál sin a chur faoi bhráid na dtuismitheoirí.

⁹ <http://ppds.ie>.



3 Agus an polasaí á chur i bhfocail, ba chóir don scoil Chaitliceach cloí leis an bhfoirceadal morálta Caitliceach i gcúrsaí gnéasúlachta. Níos bunúsaí fós, is gá di eiteach go sainráite do thuairimí nach bhfuil ag teacht le bunús agus bunfhoirmle an smaointeachais mhorálta Chaitlicigh.

Ní ar bhonn comhaontú barúla a thagtar ar an bhfírinne mhorálta, ná de bharr céadfaíochta nó instincte. Ní thagtar uirthi díreach trí na hiarmhairtí is dócha a bheith ar ghníomhaíocht áirithe. Ní leor díreach a bheith dáiríre, sa chaoi gur féidir an rud is ceart do dhuine amháin is cearr do dhuine eile. Is féidir na haigní difriúla seo a fheiceáil go soiléir i ndíospóireachtaí na linne seo.

Sa chéad áit, tabharfaidh an scoil Chaitliceach tús áite don bhfírinne mhorálta. An chiall atá leis an ghrá daonna, sin é is cúram do mhoráltacht an ghnéis. Is cúram leis an chaoi is féidir le coibhnis dhaonna cloí dáiríre le hiomlán na céille agus na tualaingé a d'fhág an Cruithaitheoir iontu. Ní féidir teacht ar an bhfírinne de thairbhe céadfaíochta ná instinctín; éilítear machnamh tromchúiseach i dtaobh chiall na beatha daonna agus dínit na pearsan daonna.

Tá sé ríshoiléir, agus sinn ag plé leis na coibhnis dhaonna is bunúsaí, nach leor a rá an rud is fírinne domsa gur féidir gur falsacht duitse é. Bíonn gach coibhneas bunaithe ar chomhroinnt. Murb ionann ciall don ghrá, don dílseacht agus don mhodh dar le duine amháin seachas an duine eile, ní fada a mhairfidh aon choibhneas eatarthu beirt.

Ní bheadh sa chaidreamh gnéasúil ach ‘bréag mura mbeadh sé ina chomhartha agus ina thoradh ar féin-tíolacadh iomlán ...’¹⁰ Córas cumarsáide is ea an ghnéasúlacht agus ní cumas dúinn an chiall atá leis a athrú nó a chumadh as an bpósa.

Trí mheán na haontachta gnéasúla, deir fear agus bean lena chéile: ‘Tá grá agam duit. Níl duine ar bith eile ar domhan dá dtugaim an grá a thugaim duitse. Is grá liom thú mar gur tusa thú féin. Is mian liom thú a bheith níos foirfe fiú ná mar atá tú cheana. Is mian liom go ndéanfá do bheatha agus do shaol a chomhroinnt liomsa. Is mian liom go gcruthóimis saol úrnua le chéile, saol an todhchaí sin is linne ... Beidh mé dílis duit ní amháin i láthair na huaire ach go buan. Ní ligfidh mé síos go deo thú ná ní fhágfaidh mé thú san fhaopach.’¹¹

D’fhonn a bheith dílis do bharrshamhail agus féiniúlacht na scoile Caitlicí, is gá na pointí seo leanas a choinneáil i gcuimhne:

- ❖ Ní fhéachfaidh an múinteoir le modh do dhearcadh daoine eile a bhunú ar an dúshraith fhalsa leochaileach sin a cheapann gur cuma cad is tuairim do dhuine, ach í a bheith dáiríre.
- ❖ Nuair atá easaontas bunúsach ann i dtaobh an ghiúlán is ceart i dtosca áirithe, níor chóir críoch a chur leis an phlé trína rá: ‘an rud is ceart ag duine amháin, b’fhéidir gur mícheart é ag duine eile, mar sin fágaimis an scéal mar atá sé.’ Is mó ná tuairimíocht amháin cúrsaí cirt agus éigirt.
- ❖ Ní foláir daltaí a bhrostú chun breathnú go domhain isteach i gcúrsaí seachas díreach a fhiafraí díobh an bhfuil siad sásta leis mar scéal. An rud is ceart nó mícheart ann, ní bhrathann sé ar chéadfaíocht dhuine nó conas mar a airíonn sé. Tugtar cuidiú don aos léinn chun dínit an duine dhaonna a thuiscint faoi léas theagasc Chríost agus a thoradh sin a ligean lena n-ais maidir leis an chaoi a réitíonn daoine lena chéile.
- ❖ Má chuirtear i gcéill nach bhfuil sa mhoráltacht ach cúrsaí tuairime nó céadfaíochta nó a laighead cur-isteach ar dhaoine agus is féidir,

¹⁰ Eoin Pól II, *Familiaris Consortio* (1981), 11.

¹¹ Comhdháil Easpag na hÉireann, *Love is for Life* (1985), 9.

b'ionann é agus dearcadh i leith na moráltachta a chothú nach bhfuil ag teacht le traidisiún na moráltachta Caitlicí agus a dhéanfadh dochar do choibhnis dhaonna.

- ❖ Is í an réasúnaíocht is bun leis an bhreithiúnas morálta. Scáthántú atá ann ar an sort daoine atá ionainn, agus an giúlán is cóir faoi léas ár ndínite féin agus comhdhínit gach duine daonna eile. Cuma céard a airíonn duine, cuma cad a deir daoine, cuma cén dea-thoradh a d'fhéadfadh a bheith air, mura bhfuil an gníomh seo liom ag teacht leis an réasún, tá sé mímhórálta.
- ❖ Is cóir don scoil Chaitliceach a bheith cúramach agus dearcadh fabhrach a mholadh do thíolaice na gnéasúlachta tríd an t-ionad tábhachtach a mhíniú atá aice i dtogra Dé ar mhaithe le sonas an duine. Sa phósadh críostaí, 'comhartha agus éarlais den chomaoin spioradálta is ea an dlúthchaidreamh fisiciúil'. An t-aontas gnéasúil sin, 'foinse lúcháire agus pléisiúir ata ann',¹² agus is amhlaidh sin a thograíonn Dia.
- ❖ Is cóir don scoil Chaitliceach tuiscint a mhúineadh do shacraimint an phósta mar chuimhneachán ar fhearta Dé ar fud na staire. 'Scáthántú is ea an pósadh críostaí ar an Chonradh Nua idir Críost agus an Eaglais, an chéile ar thug sé a bheatha ar a son. Mar chion dúthrachta i leith an ghrá agus na beatha, déanann an pósadh críostaí, arna bheannú ag Dia, an comhlúadar eaglasta a mhéadú, agus tacaíocht iomlán an chomhlúadair tuillte aige dá thairbhe sin. Fíor-shacraimint is ea an pósadh críostaí, é ina chomhartha agus ina chomhroinnt ghrásta, ina mhacalla ar dhílghrá De.'¹³



4 Ní foláir modh a bheith ann i leith dínit, inmheánacht agus modhúlacht gach dalta ar leith. Is gá a bheith cúramach i dtaobh ábhar agus ionú an méid atá á theagasc. Agus is tábhachtach modhanna teagaisc oiriúnacha a úsáid. Níor cheart choíche go mbeadh brú ar an dalta chun cúrsaí príobháideacha a fhoilsiú nó a phlé, ná chun páirt a ghlacadh i bhfoirmeacha aisteoireachta nó drámaíochta a fhágann gráin nó cotú air. Tá an dá shiocair leis an méid sin:

¹² *Caiticiosma na bEaglaise Caitlicí*, 2360, 2362.

¹³ *Share the Good News*, 56.



1. Ní féidir an modh bunúsach is dúshraith do gach coibhneas fírinneach a thaispeáint le modhanna teagaise a léiríonn lagmheas ar aon cheann den dream atá páirteach. Ba chóir go léireodh idir mhodhanna agus ábhar a thábhachtaí agus atá íogaireacht i leith céadfaíocht dhaoine eile, chomh maith le béasúlacht, guaim agus modh i leith dínit agus inmheánacht dhaoine eile. ‘Prionsabal na “dílseachta do Dhia agus do dhuine”, déanann sé aon fhreasúra nó deighilt thacair nó nós-cumailiom a sheachaint idir modh teagaisc agus ábhar. A mhalairt sin, deimhníonn sé gur gá comhréir agus comhfheidhm idir an dá rud.’¹⁴
2. Bheadh an priacal ann go gcothódh sé col agus gráin i leith tríolaice agus mistéir na gnéasúlachta, agus d’fhéadfadh sé dochar a dhéanamh do chumas agus toilteanas an dalta chun na cúrsaí seo a phlé go saorálach agus go hoscailte.

¹⁴ Coingreagáid na Cléire, *Eolaire Ginearálta don Chaiticéis* (1998), 149.

Ba chóir mar sin cúpla rud a ligean lenár n-ais:

- ❖ Is minic difríocht mhór idir cúlra baile agus cultúir ag na daltaí agus cur-amach ar an saol an-difriúil acu. Is feasach go maith múinteoiri an cháiréis is gá chun plé go hígair le cúrsaí a d'fhéadfadh cur as do pháistí áirithe. Is follas gur gá an cháiréis seo go speisialta i leith ceisteanna a bhaineann le coibhnis.
- ❖ Féadann díospóireacht ghrúpa dul i dtreo a chuirfeadh brú nach dual orthu siúd nárbh áil leo a rúin a ligean amach: ‘Lig mise mo bhuartha agus mo cheisteanna leatsa, cad chuige nach ligfidh tusa do chuid féin liomsa?’
- ❖ Is féidir go héasca cearthaí a chur ar pháiste má iarrtar air a bheith páirteach i ndíospóireacht, aisteoireacht nó dráma a chuireann cotú air nó uirthi, nó a éilíonn leibhéal aibíochta nach bhfuil ag an pháiste go fóill.
- ❖ An t-ábhar a úsáidtear, níor cheart go gcuirfeadh sé míshuaimneas ar dhalta ar bith. Ba cheart gan a dhearmad go bhféadfadh leabhair nó pictiúir áirithe a bheith inghlactha agus páiste ag caint lena thuismitheoirí ach a bheith ró-chorraitheach le húsáid sa seomra ranga.

I saol an lae inniu, tagann páistí in inmhe i ndomhan nach gcomhroinntear ann modh do bhunluachanna na gnéasúlachta. Ní fheiceann siad timpeall orthu ach oiread tuiscint dhearfa seasta don dínit dhaonna. Gné is ea é de shaol an lae inniu páistí a theacht isteach ar an ghnéasúlacht agus iad an-óg.¹⁵ Sa chomhthéacs seo, is gá a bheith aireach go speisialta ar an rachairt atá ar na gréasáin sóisialta mar a bhfuil dialóg agus foirmeacha cumarsáide agus coibhnis idirghníomhacha le fáil. Agus an Pápa Beinidict XVI ag caint le daoine óga ar Lá na hÓige Domhanda 2013, dúirt sé go gcaithfeadh siad ‘na meáin seo a úsáid go stuama’. Lean sé air: ‘Bígí eolach ar na dainséir atá i bhfolach iontu, go háirithe priacal na handúile, an saol fíorúil a ghlacadh in ábhraíocht an tsaoil réalta, agus teagmháil ar an idirlíon a chur in ionad dialóg agus airicis phearsanta dhíreacha.’¹⁶ Tá tábhacht ar leith leis na priaclacha don aos óg in úsáid an idirlín: ábhar mígheanasach, cíobar-bhulaíocht agus foghlaithe gnéis.

¹⁵ ‘Ábhar buartha is ea é freisin féinchoinsiastacht a bheith á brú fiú ar pháistí an-óga i gcúrsaí faisin agus íomhá chorportha’ (Comhdháil Easpag Shasana agus na Breataine Bige, *Cherishing Life*, par. 12).

¹⁶ Teachtaireacht an Phápa Beinidict XVI do Lá na hÓige Domhanda 2013, Uimh. 4.

Is gá mar sin cuidiú le Caitlicigh óga chun tuiscint chríostaí níos doimhne a fháil do cad is ciall le bheith daonna agus don chiall atá le coibhnis dhaonna. Is cuid riachtanach é de ghairm saoil a gcuid tuismitheoirí an Dea-Scéal a roinnt leo i dtaobh fiúntas agus dínit an duine faoi léas an Ionchollaithe agus na Fuascailte a rinne Críost dúinn.¹⁷ An Dea-Scéal sin a roinnt leis an ghlúin óg, is cuid é de ghairm an uile chríostaí agus de ghairm phobal uile lucht leanúna Chríost.

Is é is cuspóir dúinn a chomhroinnt le daoine óga ná dea-scéal. Ní cúrsaí eagla ná foláireamh i dtaobh na ndainséirí atá rompu is túisce atá i gceist ach urraim agus iontas. Ní foláir a mhúineadh dóibh nach rud suarach sealadach an caidreamh gnéasúil; ní féinchoimhlíonadh amháin is bun leis ach féin-tíolacadh iomlán dílis buanseasta.

Ní de thaisme é ‘nuair a thiteann an teaghlach ó chéile de bharr anbhruí sóisialta, nó nuair a laghdaítear an seasamh pribhléideach atá aige, nach féidir gan druidim i dtreo indibhidiúlachais do-ghlactha, mar aon le conamar a dhéanamh den teaghlach féin agus comhaontacht an phobail a chur amú. Is sa teaghlach a fhoghlaimítear conas maireachtáil le daoine eile, conas a chur suas le héagsúlacht dhaoine, conas teora a chur lenár mianta indibhidiúla i gcomhréir le riachtanais dhaoine eile. Is ann freisin is túisce a fhoghlaimimid an cumas leighis atá sa ghean agus sa ghrá, conas cur suas le díobháil agus le dochar; is ann a fhoghlaimimid cad is ciall don bheatha dhaonna agus cé sinn féin; is é céad-scoil an chreidimh é, “eaglais an teallaigh”, “lorg ghrá De”, an áit is féidir dídean a fháil nuair a chuireann chuile dhuine suas dinn. Ar na fáthanna seo go léir tá ionad luachmhar ag an teaghlach, ionad nach dual malairt dó, i sochaí na hÉireann.”¹⁸

¹⁷ *Share the Good News*, 30.

¹⁸ <http://www.catholicbishops.ie/2004/05/03/supporting-marriage-and-the-family/>.

Critéir ag Tagairt do Chuartheoirí ar Bhunscoileanna atá Páirteach in OCG

Nuair a thugtar cuairteoirí chun na scoile d'fhonn curaclam OSPS a mhaisiú nó a fhorlónadh, ní foláir critéir bheachta a chur i bhfeidhm:¹⁹

- ❖ Ní foláir éascaitheoirí/oidí den chineál sin ón taobh amuigh a bheith faofa roimhré ag an phríomhoide agus ag an Bhord Bainistíochta.
- ❖ Ní foláir dóibh a n-obair a dhéanamh faoi threoir agus faoi fheighlíocht mhúinteoir an tseomra ranga.
- ❖ Ábhar ar bith atá le húsáid, ní mór é a bheith faofa roimhré ag an phríomhoide agus an Bord Bainistíochta, a bheith oiriúnach d'aois agus do chéim na ndaltaí, agus a bheith i gcomhréir le féiniúlacht na scoile Caitlicí agus le príonsabail an churaclaim OSPS. Is gá freisin a chur san áireamh an uile pholasaí agus nós imeachta atá ag an scoil, go háirithe polasaí coimirce leanaí na scoile.
- ❖ Moltar go láidir go rachfaí i gcomhairle leis na tuismitheoirí le go mba heol dóibh aon chuartheoir nó feidhmeannacht a bheadh ag dul i gcaidreamh leis na daltaí.

OCG agus Oideachas Reiligiúnach

Tá sé mar aidhm ag Oideachas Reiligiúnach i mbunscoileanna Caitliceacha cabhrú le páistí fás agus forbairt a dhéanamh chun go mbeidis mar dhaoine fásta aibí sláintiúla, in ann a ngealladh iomlán mar dhaoine daonna a cruthaíodh in íomhá agus i gcosúlacht Dé a fhíorú. Gné amháin den fhás seo ná forbairt chumas na bpáistí a bhaineann le dáimh a bheith acu le daoine eile agus go mbeadh tuiscint dhearfach acu ar a gcuid collaíochta féin. Tá coincheapa a bhaineann le OCG i gcomhthéacs Críostaí, le fáil sa churaclam Oideachas Reiligiúnach do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna Caitliceacha. Tá coincheapa dá léithéid comhtháite in eispéireas Oideachas Reiligiúnach na bpáistí sa bhunscoil.

¹⁹ Féach ciorclán Roinn an Oideachais 0022/2010, leathanach 2.

Gluais

(Úsáidtear stór focal oifigiúil Chaiticíosma na hEaglaise Caitlicé)

aibhsím	Resource material	féiniúlacht	ethos
aighe	emphasis	féintiúlacht	self-giving
aiciris	attitude, approach	fianacht	(Christian) witness
andúil	encounter	fíorúil	virtual
aosach	addiction	foghlaí gnéis	sexual predator
	adult	Foilsíú	Revelation
		foirceadal	doctrine
Baill ghiniúna	reproductive organs	follúnaim	regulate
barshamhail	ideal, vision	forchinnteacht	conviction
beart a imirt	play a role	forlíonaim	complement
		Fuascailt	Redemption
Cáiréiseach	delicate	Giúlán	behaviour
caitricéiseach	catechetical	gnéasúlacht	sexuality
caonfhulaingt	tolerance	gréasán sóisialta	social network
céadfaíocht	perception, feelings		
ceartháí	nervousness, upset	Idirlíon	internet
cíobar-bhulaíocht	cyberbullying	indibhidiúlachas	individualism
coibhneas	relationship	iniatacht	inclusiveness
Coingreagáid	(Roman) Congregation	íogair	sensitive
coinsiasta	conscious	íogaireacht	sensitivity
comhallaim	fulfil, observe (a law)	ionadacht	introduction
comhaontacht	cohesion	Ionchollú	Incarnation
comhaontú barúla	consensus		
comharchuid	contribution	Leas coiteann	common good
comhdhéanann	constitutes	(faoi) léas	in the light of
comhfheidhm	interaction		
comhluadar	community	Maisim	enhance
comhréir	correlation	meas	esteem
comhroinnim	communicate	modh	respect
Conradh	Covenant	modhúil	respectful
cotadh	embarrassment		
cruinnim ar	focus on	Nós imeachta	procedure
‘Deilbh agus cosúlacht Dé’	‘image and likeness of God’	Oide	tutor
díobháil	loss		
dlúthphriobháid	intimacy	Pastúireach	pastoral
dochar	hurt	priacal	risk
dúthracht	commitment		
Éadoirmisceach	permissive	(go) Sainráite	expressly
‘eaglais an teallaigh’	‘domestic Church’	scáthántú	reflection
éascaitheoir	facilitator	seachadaim	hand on
		slánchóirim in	integrate into
‘Fachtanna na beatha’	‘facts of life’	slánchuid	integral part
faisnéis	information	sonraim	note, indicate
faomhaim	approve		
‘fearta Dé’	‘mighty works of God’	Taithí	experience
feasach	aware	tánaisteach	subsidiary
feidhmeannacht	agency	teacht in inmhe	come to maturity
feighlíocht	supervision, surveillance	tiomnaim	delegate
féinchoinsiastacht	self-consciousness	tualaing	potential (<i>sb.</i>)
		tuismeadh	procreation
		tús áite	priority